CINNEADH (AE) 2021/1856 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Deireadh Fómhair 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais a cuireadh ar bun leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le bailíocht thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais Eorpaigh agus na Túinéise go dtí go nglacfaidh an Chomhairle Comhlachais tosaíochtaí straitéiseacha nua atá tugtha cothrom le dáta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile ([1]) (an "Comhaontú"), síníodh é an 17 Iúil 1995 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 1998.

(2) Ghlac an Chomhairle Comhlachais tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais Eorpaigh agus na Túinéise le Cinneadh Uimh. 1/2018 uaithi ([2]).

(3) Trí mhalartú litreacha, chomhaontaigh an dá thaobh gur cheart síneadh a chur le bailíocht thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais Eorpaigh agus na Túinéise mar dhoiciméad treorach chun an chomhpháirtíocht a chomhdhlúthú go dtí go nglacfar tosaíochtaí comhpháirtíochta nua atá tugtha cothrom le dáta.

(4) Faoi Airteagal 80 den Chomhaontú, tá an chumhacht ag an gComhairle Comhlachais cinntí a dhéanamh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(5) Tá an Chomhairle Comhlachais le cinneadh a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn chun síneadh a chur le bailíocht na dtosaíochtaí straitéiseacha go dtí go nglacfaidh an Chomhairle Comhlachais tosaíochtaí straitéiseacha nua atá tugtha cothrom le dáta.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla leis an gcinneadh ón gComhairle Comhlachais.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais laistigh den Chomhairle Comhlachais a bhunú ar an dréacht-Chinneadh ón gComhairle Comhlachais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhairle Comhlachais a cuireadh ar bun leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le bailíocht thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais Eorpaigh agus na Túinéise go dtí go nglacfaidh an Chomhairle Comhlachais tosaíochtaí straitéiseacha nua atá tugtha cothrom le dáta, beidh sé bunaithe ar an dréacht-Chinneadh ón gComhairle Comhlachais. ([3])

([1]) IO L 97, 30.3.1998, lch. 2.

([2]) Cinneadh Uimh. 1/2018 ó Chomhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na Túinéise an 9 Samhain 2018 lena nglactar Tosaíochtaí Straitéiseacha an Aontais Eorpaigh agus na Túinéise le haghaidh na tréimhse 2018 -2020 (IO L 293, 20.11.2018, lch. 39).

([3]) Féach doiciméad ST 12265/21 ar http://register.consilium.europa.eu.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 18 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES